

AN SGEACH MHÓR.

Ag teacht go dtí an Sgeach Mhór dúinn tháinigemar ar bothar an chladaigh agus tríd an Mainistir. Thugamar cuairt ar Teampull Chiaráin agus siar linn tríd an mbaile beag go dtí Teampull Sabhairne. Bhíomar ar barr aille go dtáingemar i bhfoisgeacht leath chéad slat de'n teampull. Chuamar síos don aill agus ag dul síos dúinn thug an casán tríd an sgailp chairrge sinn. Tá an charraig dhá through déag ar áirde ar dhá thaobh na sgailpe. Bhí an lá go te grianmhar go dtí a sé a chlog, ach bhí an trathnóna ag eirghe fuar beagán agus an ghrian imthighe.

Ba ghoire dúinn an Sgeach Mhór ná an teampull, agus ní sgeach atá ann ach trí sgeacha agus iad go dlúth le chéile, agus gan áirde deich dtroigh ionnta. An taobh eile den teampull tá dhá sgeach eile nó trí. Sílim nach bhfuil sgeach eile le feiceáil ar an taobh seo den oileán idir Cill Rónáin agus Eochaill agus ní hiongnadh go n-abruightear gurb ar an sgeach mhór a thugas an chuach an chead fhógra uaithe ar a theacht go hArainn dí. Tá an áit an-uaigneach – an aill o dheas, an teampull beag agus na sgeacha go dlúth faoi sgáth na haille, agus síos go fairrge, an tiomal talmhan cothroim roinnte ina gharranta beaga. Bhí an trathnóna ag eirghe dorchá agus an gile imthighe den spéir agus den chuan.

D'éirigh seabhac rua (ruadhan alla) den chreig agus luigh ar bhinn an teampuill agus bhí éiníní beaga agus fainleoga ag imeacht. Luigh an Ruadhán alla ar binn an teampuill gár bhfaire. Chuadhamar síos an aill. D'éirigh sí arís agus drugall uirthi sin teacht. Dhruideamar léithe agus d'imthigh sí.

Tháinigemar go dtí an sgeach. D'éirigh londubh as agus ceirseach (an chearc), londubh eile agus loin óga agus bhí sgáth orthu agus chuadhamar faoi an sgeach. D'éirigh aon lon déag ar fad as an sgeach mhór agus spideog agus gealún croige.

Bhí na luin cruinnighthe san sgeach i gcóir na hoidhche.

Timcheall a seacht a chlog, agus nach luath a bhíodar ag dul chun suain. Ní fhacas ariamh an oiread lon le chéile. Ganntanas sgeach agus tor ba ciontsiocair leis an méad sin lon le chéile ag an sgeach mór.

An Ruadhán aille bradach is maith a thuig sé cén áit a mbeadh na luin óga agus éiníní beaga le tuitim na hoidhche agus bhí sé annsin ag faire go bhfuighfeadh sé deis ar cheann aca.

Ag bun na haille atá Tobar Sabhairne gan cuma deas air, ach é fosgailte agus na clocha a bhí timcheall air leagtha anuas. Idir an teampull agus an aill atá an tobar seo. Tá tobar beag eile fiche slat soir ó thobar Shabhairne, tá tobar seo faoi'n aill agus umar san gcarraig don uisge agus an t-uisge ag sile anuas san umar glan díreach ina bhraona ó'n leac mhór os cionn an tobar.

Sin é an deor aille. Chó fuar le deor aille – Seanfhocal.

Sean- amhráin.

Úna dheas Ní Nia,

Mo Stóirín Jennie Ward

An chúis dá pléidhe.

Aill an Phoill Duibh i gCreig a' Chéirín.

Aill a'Bhláca ar Thalamh a' tSráin. Leic a' Turla ar Thalamh Eoghnachta.

An Clochar Beag ar Talamh Creig an Chéirín.

An tSruth Mharbh os cionn Creig a' Chéirín.

Aill a'tSrailleáin ar Thalamh an tSráin.

Aill Poll an Iomaire ar Thalamh Eochalla.

Binn an Iasgaire taobh thiar den cró ar Talamh Gort na gCapall.

Tá sé ar an taobh eile den Bhruthnán.

Brisg

Is cuid den Bhruthnán Binn an Iasgaire. Dub'laoisg – overhanging cliff. Ml. Ó Maoláin.

Aill a' Lúnadáin buailte ar Ollán na gCrosán (taobh thiar de) ar Thalamh Bhun Gabhla.

Tá Gleann a' Charnáin ar thalamh Leac a' tSalainn ar an taoibh thiar de dhún Aongusa. Aill a Bhláca taobh thiar de sin.

Aill an Eala ar thalamh Cill Mhuirbigh.

Poll a' Sgrios mhóir.

Aill an Ára thiar (Eocaill)

Aill an ára thoir (Cill Rónáin)

Ára= carraig iasgaigh atá ann.

Aimsir na gearleanúint rinneadh murder ann. Caitheadh daoine den aill. Sin é an fáth tugadh áire (aill an áire)

(Poll na Brioscornachta – adhmud agus feamuinn ag teacht ann.

Ar Talamh Cill Ronáin atá sé.

(Lód capaill d'fheamuinn mhaith dhéanfadh céad ceilpe. Dhá chliabh ar an gcapall agus maol ar an dá chliabh)

Binn a' phrúnntaigh – prunntach faoileán óg. Éan an fhaoileáin mhóir glais agus éan an druimnigh.

Ml. Ó Nil.

Bíonn spotaí beaga dubha ar cloigeann an éin fhirinn – faoileán mór.

Thógas 'na bpeataí ean aille druimneach faoileán glas.

Stadha= ina meall ag piocadh síl éisg.

Droch-pheata an druimneach.

Argaint ainm na háite a mbíonn comhnaidhe ar na héanacha ann. Leac nó ledge ar éadan na haille go díreach cosúil le leac na fuinneoige.

Aill Uachtarach.

Aill Iachtarach.

Bodarán =an gealbhan tuinne.

An hedgesparrow.

Ubh gorm.

“Beir orm a Sheoirse go beo” arsa mise le mo dhearbhreathair nuair d’ionnsuigh an broigheall mé.
Dá bhfuigheadh sé greim sgornaigh ort bhí tú ceannsuithe aige.

Cearc an loin duibh tá an brollach níos buidheachta ná ag an lon dubh. Cloisfidh tú an caislín cloch san oidhche có maith leis an lá. Tá spota bán ar dhruim an chuilm carraige. (Connaiceas ceann aca seo i naice leis an sgeach mór.)

Ní hionann gob do na héanacha aille.

Bonnán fead loinge.

Jottings about birds by Charles Dixon.

Chapman & Hull Ltd. 1893.

Gaelic bird names from above.

(A visit to St Kilda)

Smearach Redwing.

Londutha Blackbird.

Clacharan wheatear

Dra-in-doun St Kilda wren.

Fiach Raven.

Fannag hooded crow.

Druit starling.

Brachd an tsil fied wagtail.

Gorridhgrid-heach Heron.

(2 corr sgreadach)

Frein Cornerake.

Freallachan Oyster-catcher.

Guilbnach Curlew.

Nuskin snipe.

Farspach gt Blk. Backed gull.

Ruideag kittiwake.

Sheilteach Redbreasted merganser.

Bunna chuachel St ntlin Diver.

Gearadh breacha Black Guillemot.

Lamhaidh Common Guillemot.

Falcadh} Razorbill

Falcadh}

Bongir Puffin.

Sgarbh Shag.

Gugha Young gannet.

Scrapire Manx shearwater.

Assilag Storm petrel.